

LÉACHT AN CHONARTHA 2008

AN TUMOIDEACHAS IN ÉIRINN

IMMERSION EDUCATION IN IRELAND

DÓNAL Ó hAINIFÉIN

Dé Máirt, 22 Aibreán 2008
Acadamh Ríoga na hÉireann

Tuesday, 22 April 2008
Royal Irish Academy



Conradh na Gaeilge

CONAS IS FÉIDIR MÚINEADH NA GAEILGE A FHEABHSÚ?

Is iomaí céim chun cinn atá tógtha le blianta beaga anuas i dtreo todhchaí na Gaeilge a chinntiú: TC4, stádas mar theanga oifigiúil den AE, Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ag cur le líon agus le caighdeán na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a fheabhsú agus an borradh faoin ngaelscolaíocht.

Éiríonn leis an earnáil scolaíochta Béarla, ar a bhfreastalaíonn 90% de scoláirí na tíre, fíorbheagán cainteoirí líofa Gaeilge a sholáthar agus is cúis fhrustrachais go minic an siollabas do scoláirí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí araon.

D'fhéadfaí na leasuithe seo thíos, atá bunaithe ar na cleachtais is fearr ar fud na cruinne, a chur i bhfeidhm de réir a chéile thar shaolré an Rialtais seo agus d'fheabhsóidís as aithne sealbhú na Gaeilge inár scoileanna:-

1. Go múiní gach ábhar oide trí Ghaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge, ag foghlaim tríd an tumoideachas agus faoin tumoideachas, ar feadh tréimhse bliana acadúla le linn a gcúrsa oiliúna. Roinntear an tréimhse thar fhad iomlán an chúrsa oiliúna ag tosú leis an gcéad mhí chinniúnach. Bíodh an deis ag mic léinn an cúrsa iomlán a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo;

2. Go múiní ábhar amháin, de bhreis ar an nGaeilge, trí Ghaeilge do gach dalta bunscoile, ar bhonn píolótach ar dtús leis an tacaíocht agus an oiliúint is gá;

3. Go bhforbrófaí dhá shiollabas don Ghaeilge ag an dara leibhéal le dhá pháipéar scrúdaithe ar leith don Ardteist agus don Teastas Sóisearach:-

- "Teanga na Gaeilge" a mhúiní do gach mac léinn: ag múineadh agus ag measúnú na scileanna tuisceana, labhartha, léite agus scríofa ag baint leasa as an bhFráma Coiteann Eorpach mar thagairt agus ag cuimsiú feasachta teanga.
- "Litríocht na Gaeilge" le déanamh ag mic léinn ardleibhéil amháin agus le múineadh go comhtháite le "Teanga na Gaeilge" ag an leibhéal cuí.

Ligfeadh sé seo do mhic léinn Bonnleibhéil agus Gnáthleibhéil díriú ar an teanga a shealbhú agus ní bheadh ach páipéar amháin le déanamh acu ag leibhéil na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh. D'aithneofaí uallach oibre na litríochta do mhic léinn ardleibhéil trí 'Litríocht na Gaeilge' a mharcaíl mar ábhar breise.

Ní foláir na leasuithe seo a bheith mar dhlúthchuid de, agus mar chéim i dtreo, curaclaím chomhtháite teangacha. Sealbhaítear teangacha le húsáid agus le cleachtadh. Ní bhíonn rath ar mhodhanna eile.



Conradh na Gaeilge



SPLEODAR



Léacht an Chonartha 2008

AN TUMOIDEACHAS IN ÉIRINN

IMMERSION EDUCATION IN IRELAND

Dónal Ó hAiniféin

Príomhoide ar Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis
agus Iar-Uachtarán ar Ghaelscoileanna Teo.

Foilsithe ag: © Conradh na Gaeilge 2008
Trascríofa & Aistrithe ag Félim Borland
ISBN: 978-0-9559097-1-9

6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
www.cnag.ie / eolas@cnag.ie / +353 (0)1 4757401

LÉACHT CHONRADH NA GAELIGE 2008

Beidh mo chaint bunaithe cuid mhaith ar an staidéar a dhein mé in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, in Acadamh na hOllscolaíochta. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil dóibhsean as an gcabhair agus as an treoir agus as an tacaíocht a thug siad dom go háirithe an tUasal Peadar Mac Muiris, a bhí ag cabhrú liom nuair a bhí an staidéar ar bun agam.

Ní bheidh mé ag díriú ar chúrsaí réamhscolaíochta, cé nuair a smaoinimid go minic ar an tumoideachas agus mar sin de, b'fhéidir an sampla is fearr dá bhfuil againn in Éirinn ná na naíonraí agus an obair iontach atá ar siúl ag na naíonraí fud fad na tíre. Go dtí seo níl ceist an tumoideachais sna naíonraí conspóideach mar ní thagann siad faoi scáth na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Ach fan tamaillín nuair a bheidh rudaí difriúil: d'fhéadfadh a leithéid tarlú.

Nílím chun a bheith ag díriú ach an oiread ar an staid reatha i dTuaisceart na hÉireann maidir leis an tumoideachas ach tagairt nó dhó a dhéanamh don scéal mar atá ansin faoi láthair. Labhróidh mé beagáinín faoin dátheangachas; faoin oideachas dátheangach; faoin tumoideachas; cúlra an tumoideachais in Éirinn; Curaclam na Bunscoile agus an tumoideachas; an tumoideachas agus tús-theanga na léitheoireachta i scoileanna lán-Ghaeilge; léitheoireacht na Gaeilge agus léitheoireacht an Bhéarla i scoileanna lán-Ghaeilge; polasaithe tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta - iad siúd atá ann agus ar eolas againn, más ann dóibh; agus torthaí mo thaighde féin ar chaighdeán léitheoireachta an Bhéarla ag daltaí Gaelscoile; agus an bóthar romhainn ansin ar deireadh. Cén áit a shílím go mba cheart dúinn dul leis an tumoideachas agus leis an gcontanam tumoideachais.

Tosóimid le ráiteas Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge in 2006:

Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais í a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla (lth.7) ...Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá (lth.17)

Ba dhóigh leat go mbeadh gach aon rud ina cheart ansin agus ráiteas an Rialtais mar sin againn.

Deir An tAcht Oideachais (1998) mar seo a leanas, deirtear go mbeidh ar gach aon duine a mbeidh baint acu leis an Acht a chur i ngnímh, aird a bheith acu air, cuidiú le baint amach cuspoirí agus polasaithe náisiúnta 'i ndáil le leathadh an dátheangachais i socháí na hÉireann, agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal.'

Agus anuas ar sin, do mhuintir na Gaeltachta, 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomh-theanga an phobail sna limistéir Ghaeltachta' (ibid). Ní beag sin agus má tá an scéal sin amhlaidh, ba mhaith liom go gcoimeádfadh sibh é sin chun cinn in bhur n-aighe agus mé ag caint anocht. Sin iad na polasaithe, sin an méid: an dá ráiteas san Acht Oideachais, sin an méid atá ráite ag an Rialtas i leith na Gaeilge.

CONRADH NA GAELIGE LECTURE 2008

My address will largely be based on the study I conducted in University of Ireland, Galway, in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. I'd like to thank them for the help, guidance and support they have given me, especially Peadar Mac Muiris, who was helping me while I was conducting the study.

I won't be focussing on preschool matters, although when we think of immersion education and so forth, maybe the best example we have in Ireland are the preschools and the great work they are doing all over the country. Until now, the question of immersion education in the preschools hasn't been controversial because they don't come under the aegis of the Department of Education and Science. But wait another little while when things will be different: such a thing could happen.

I will not be focussing either on the current situation in the north of Ireland with regard to immersion education, save for a reference or two to the situation as it is at present. I'll spend some time talking about bilingualism; about bilingual education; about immersion education; the background of immersion education in Ireland; about the Primary School Curriculum and immersion education; about immersion education and the first language of reading in all-Irish schools; about the reading of Irish and the reading of English in all-Irish schools; about the Department of Education and Science's immersion education policy - those that exist and that we know about, if even; and about the results of my own study of reading standards of English of *Gaelscoil* students; and finally, the road ahead - where I think we should go with immersion education and with the immersion education continuum.

We will start with the Government of Ireland's statement in 2006 with regard to the Irish language:

Specifically, the Government aim is to ensure that as many citizens as possible are bilingual in both Irish and English (p.6) ... A high standard of all-Irish education will be provided to school students whose parents/guardians so wish. Gaelscoileanna will continue to be supported at primary level and all-Irish provision at post-primary level will be developed to meet follow-on demand (p.16)

You would think that everything would be as it should be with a Government statement like that.

The Education Act (1998) says as follows, it is said that everybody concerned in the implementation of the Act, shall have regard to contributing 'to the realisation of national and policy and objectives in relation to the extension of bilingualism in Irish society and in particular the achievement of greater use of the Irish language at school and in the community.'

On top of that, for the people of the *Gaeltacht*, 'to contribute to the maintenance of Irish as the primary community language in Gaeltacht areas' (ibid). That's no small task and if the situation is so, I would like you to keep that in mind during my talk tonight. Those are the policies, that's all: those two statements in the Education Act, that is what the Government has said with regard to Irish.

Dátheangachas

Céard is dátheangach ann? Ceist fhíor-chasta í gan dabht. Tá an oiread sin sainmhínte ar dhátheangaigh is dócha is atá dátheangaigh ann. D'fhág ón dátheangach lag go dtí an dátheangach fíor-chumasach amach is amach, ach bíonn sainmhínte éagsúla ag daoine éagsúla ar cad is dátheangach ann. Ach is fiú b'fhéidir bheith ag smaoineamh ar an gceann seo ó Baker et al:

To expect someone to be exactly equally fluent in two languages is a simplistic view of bilinguals. Bilinguals are sometimes expected to be two monolinguals inside one person. This viewpoint is unreal and mistaken (1998: 13)

Mar sin is contanam atá sa dátheangachas i ndáiríre, ón dátheangach lag mar a deirim ó thaobh amháin, bíonn dátheangach sár-oilte ar an taobh eile.

An tOideachas Dátheangach

Cad atá i gceist le hoideachas dátheangach? Tá mórán saghsanna oideachas dátheangach ann freisin gan dabht agus an sainmhíniú clasaiceach a thugann Anderson agus Boyran ná 'Bilingual education is instruction in two languages and the use of those two languages as mediums of instruction for any part of, or all of the school curriculum' (1970: 12).

Go bunúsach is oideachas trí dhá theanga atá i gceist. Tá an suíomh, más ea, ina bhfoghlaíonn an dalta, an dátheangach, an-tábhachtach.

D'fhéadfadh dátheangachas dealaíoch nó dátheangachas suimíoch a bheith i gceist ag braith ar na cúinsí. Táimid ag caint ar dhátheangachas dealaitheach nó suimíoch. Tá sé ráite ag Lambert (1977) ar an gceist seo:

[He] has emphasised the potential importance of attitudes towards educational outcomes. He has characterised two forms of sequential bilingualism, 'additive' and 'subtractive'. With the additive form, positive values are attributed to the two languages and education in one language does not constitute a threat against the other (2002: 19).

Luann May et al a dhein roinnt taighde air seo sa Nua-Shéalainn go bhfuil go leor buntáistí cogneolaíochta agus teangeolaíochta agus cumarsáide ag baint leis an dátheangachas suimíoch nuair a thógtar an dátheangachas sa suíomh sin:

Where an additive approach to bilingualism is adopted, cognitive, social and educational advantages ensue, as later research on bilingualism ...

- táimid ag caint ar thaighde anois a rinneadh ó na seascaidí ar aghaidh, agus beimid ag caint ar an droichead ó Macnamara i lár na seascaidí a bhí fíor-diúltach mar scamall dubh os cionn an dátheangachais agus ós cionn na Gaeilge in Éirinn. Ón am sin ar aghaidh tá sé ráite:

... has consistently demonstrated. This includes greater cognitive flexibility, metalinguistic awareness, communicative sensitivity and field independence among bilinguals ... The clear consequence of such studies is that additive bilingual approaches for all bilingual students (not just socially and educationally advantaged students) ...

Bilingualism

What is a bilingual? It is without doubt a very complex question. There are as many definitions of bilinguals, I suppose, as there are bilinguals. From the weak bilingual, to the very competent bilingual, but different people have different definitions of what a bilingual is. But maybe we should think of this one from Baker et al:

To expect someone to be exactly equally fluent in two languages is a simplistic view of bilinguals. Bilinguals are sometimes expected to be two monolinguals inside one person. This viewpoint is unreal and mistaken (1998: 13).

So bilingualism is essentially a continuum, from the weak bilingual, as I have said, on one hand, to the most educated bilingual on the other hand.

Bilingual Education

What is bilingual education? There are many kinds of bilingual education without doubt and the classical definition that Andersson and Boyer give us is ‘Bilingual education is instruction in two languages and the use of those two languages as mediums of instruction for any part of, or all, of the school curriculum’ (1970:12).

Basically it is an education through two languages. The environment, if so, in which the student, the bilingual, learns, is very important.

Subtractive bilingualism or additive bilingualism could be in question, depending on the circumstances. We are talking about subtractive or additive bilingualism. On this question, Lambert (1977) has said:

[He] has emphasised the potential importance of attitudes towards educational outcomes. He has characterised two forms of sequential bilingualism ‘additive’ and ‘subtractive’. With the additive form, positive values are attributed to the two languages, and education in one language does not constitute a threat against the other (2002:19)

May et al, who have conducted some research on this in New Zealand, have mentioned that there are a lot of cognitive, linguistic and communicative advantages relevant to additive bilingualism when bilingualism is taken in that situation:

Where an additive approach to bilingualism is adopted, cognitive, social and educational advantages ensue, as later research on bilingualism ...

- we are now talking about research that was conducted from the sixties onwards. We will be talking about the bridge from Macnamara in the mid-sixties, who was very negative and was a dark cloud over bilingualism and over the Irish language in Ireland. From then on it says:

... has consistently demonstrated. This includes greater cognitive flexibility, metalinguistic awareness, communicative sensitivity and field independence among bilinguals ... The clear consequence of such studies is that additive bilingual approaches for all bilingual students (not just socially and educationally advantaged students) ...

- mar a chuirtear i leith na nGaelscoileanna go minic agus daoine ag rá go bhfuil siad scothroghnach agus mar sin de. Ní raibh siad riamh i nGaelscoil Sáirséal, an tsean-scoil a bhí agamsa i lár na cathrach ar an oileán i Luimneach, agus iad fós ag feitheamh ar scoil,

... will foster the cognitive benefits of bilingualism and lead to wider educational successful bilingual students (May et al, 2004: 64).

Sin a deir an taighde idirnáisiúnta. Ar an taobh eile, ní bhaineann na buntáistí céanna leis an dátheangachas dealaitheach mar a chítear le bá-oideachas agus mar sin de, sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile.

Tá cur síos déanta ag go leor leor daoine ar na míbhuntáistí a bhaineann le bá-oideachas. Ach ní sin an suíomh atá againn anseo in Éirinn i gcás na nGaelscoileanna. Is dátheangachas suimíoch atá i gceist i gcás na Gaelscolaíochta in Éirinn. Is é sin le rá go bhfuiltear ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim agus a shealbhú mar dara teanga ag daltaí den chuid is mó a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga sa bhaile acu. Den chuid is mó, ach ní mar sin atá acu in Éirinn anois de réir mar a thuigimid. An aidhm atá ann ná dátheangaigh fheidhmeacha agus déliteartha a chruthú, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, roimh fhágáil na Gaelscoile dóibh.

Anois is fiú agus ag caint ar Chonradh Liospóin agus ar an Eoraip agus ar an rud seo go léir, ceist a chur, cad é dearcadh na hEorpa faoin gceist seo. Bhuel, tuigtear dúinn ar fad go bhfuilimid ag caint ar mháthairtheanga móide a dó, go bhfuil sé i gceist ag Comhairle na hEorpa go mbeadh máthairtheanga móide dhá theanga eile ag gach saoránach de chuid na hEorpa agus go bhfuil an aidhm sin go docht daingean mar aidhm acu.

Conas is féidir leis sin a bhaint amach? Bhuel i dtuairim Chomhairle na hEorpa “Strong bilingual, educational models which aim to equip the future adult with real bilingual or plurilingual proficiency, and in particular biliteracy should be implemented whenever possible.” Tá an focal “real” tábhachtach ansin i mo thuairim, cé gurb é ceann de na focail is lú go bhfuilimid ag caint ar bheith fíor-dháiríre faoi.

An Tumoideachas

Cad atá i gceist leis an tumoideachas? Bhuel is gné amháin den chontanam oideachais dhátheangaigh atá sa tumoideachas ina dtumtar an foghlaimeoir sa sprioctheanga agus atá in úsáid mar theanga foghlama an churaclaim go léir. Níl aon dabht anois ná go n-aithnítear an tumoideachas go hidirnáisiúnta mar bhealach fíor-éifeachtach chun oideachas dátheangach a chur chun cinn.

Déanann Baker et al (1998) cur síos ar an tumoideachas mar mhúnla láidir - mar a dúirt mé “strong bilingual model” - san oideachas dátheangach. Cuireann Johnson agus Swain (1997) síos ar na príomhghnéithe a bhaineann leis an tumoideachas, nó le clár tumoideachais.

1. An T2 (Gaeilge sa chás seo) mar theanga teagaisc na scoile.
2. Leanann an curaclam tumoideachais an gnáthchuraclam T1.
3. Tá tacaíocht láidir do T1 an dalta ...

- of which Gaelscoileanna are often accused and people saying that they are elitist and so forth. They were never like that in Gaelscoil Sáirséal, the last school I taught in, on the island in Limerick City Centre. They are still waiting for a school:

... that it would foster the cognitive benefits of bilingualism and lead to wider educational successful bilingual students (May et al, 2004: 64)

That is what the international research says. On the other hand, the same advantages do not apply to subtractive bilingualism, as is seen with submersion education and so forth, in the United States and in other countries.

A lot of people have described the disadvantages that apply to submersion education. But that is not the case in Ireland with Gaelscoileanna. Additive bilingualism applies to all-Irish schooling in Ireland. That is to say that there is a desire to learn and to acquire Irish as a second language amongst students whose main household language is English. For the most part, but that is not how they are in Ireland now, as we understand it. The aim is to create applied and dual literate bilinguals, in Irish and in English, before they leave the Gaelscoil.

Now that we are talking about the Lisbon Treaty and Europe and that whole issue, it is worth questioning, what is Europe's view on this matter. Well, as we all understand that we are talking about a mother tongue plus two, the Council of Europe intend that each citizen of Europe has a mother tongue plus two other languages, and this is their firm aim.

How can it bring that about? Well, in the opinion of the Council of Europe 'Strong bilingual, educational models which aim to equip the future adult with real bilingual or plurilingual proficiency, and in particular dual literacy should be implemented whenever possible.' The word "real" is very important there in my opinion, as even though it is one of the words we use least, we are talking very seriously about this.

Immersion Education

What is immersion education? It is one aspect of the bilingual education continuum in which a learner is immersed in the target language and which is used as a language of instruction for the entire curriculum. There is no doubt now that immersion education is recognised internationally as a truly effective way to promote bilingual education.

Baker et al (1998) describe immersion education as a strong bilingual model in bilingual education. Johnson and Swain (1997) describe the main aspects that pertain to immersion education, or to an immersion education programme:

1. The T2 (Irish in this case) is the school's language of instruction.
2. The immersion education curriculum follows the ordinary T1 curriculum.
3. There is strong support for the student's T1 ...

- an Béarla,

... Tugann tuismitheoirí, oidí agus an pobal iomlán an tacaíocht seo.

4. Is dátheangachas suimíoch atá mar aidhm ag an gclár.

5. Is sa seomra ranga den chuid is mó a théann daltaí i ngleic leis an sprioctheanga.

6. Tosaíonn na daltaí sa chóras leis an leibhéal cumais céanna sa sprioctheanga nó gar dó ...

- Buntáiste mór atá againn i nGaelscoileanna i gcomparáid le scoileanna Gaeltachta, áit a mbíonn daltaí ag teacht isteach agus leibhéal cumais fíor-éagsúil acu, ó fíor-lag go dtí an cainteoir dúchais.

... 7. Bíonn na múinteoirí dátheangach ...

- fíor-thábhachtach gan dabht mar is iad na múinteoirí an acmhainn is mó atá againn agus,

... 8. Is scáthán de chultúr logánta atá sa seomra ranga.

Ach baineann dúshláin chomh maith leis an gcóras tumoideachais. Luann Niamh Ní Mhaoláin:

ceann de na laigí a aithnítear leis an gcóras tumtha go ginearálta, ná nach féidir comhthéacs iomlán teanga a chruthú laistigh den seomra ranga mar nach mbíonn an comhthéacs nádúrtha ann. Chuige sin tá sé riachtanach do ghaelscoileanna an úsáid, agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní eile atá ar fáil dóibh. Ceann de na hacmhainní is mó atá ann ná clós na scoile. Toisc go bhfuil sé mar sprioc ag an nGaelscoil deis a chur ar fáil do pháistí saol scoile iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge tá tábhacht thar cuimse ag baint le polasaí láidir scoile i leith labhairt na Gaeilge sa chlós. Ní hé amháin go bhfuil cúramaí féitheoireachta ar an múinteoir sa chlós ach tá cúraimí dochta teanga chomh maith. Caithfidh an múinteoir a bheith ag éisteacht de shíor agus ag tabhairt aird ar an teanga atá in úsáid agus atá de dhíth ar na páistí. Déanfaidh an múinteoir múnú ar an teanga go dearfach ... Níl aon amhras, ach go bhfuil dua ag baint leis an obair seo (2005: 25)

Aon duine agaibh a sheasann i gclós Gaelscoile riamh, tuigfidh sibh go bhfuil dua ag baint leis an obair seo, agus dua nach stopann riamh.

Maidir leis an taighde, dúirt Muiris Ó Laoire (2005) le linn chomhdháil Ghaelscoileanna nuair a bhí sé ag caint faoin dátheangachas suimíoch agus an tumoideachas. Dúirt sé go:

léiríonn 150 tionscnamh taighde thar 35 bliain na torthaí céanna ...

- maidir leis an tumoideachas. Léiríonn siad

... buntáistí ó thaobh

- oideachais
- meoin
- úsáid agus leathnú na teanga sa tsochaí
- teangacha eile a fhoghlaim.

- English

... Parents, teachers and the whole community give this support.

4. The programme's aim is additive bilingualism.

5. The classroom is mostly where students contend with the target language.

6. The students start in the system with the same level of capabilities in the target language, or close to it ...

- One big advantage that we have in *Gaelscoileanna*, in comparison with Gaeltacht schools, where students come with very different levels of capability, from the very weak through to the native speaker.

7. The teachers are bilingual

- doubtlessly very important because the teachers are the biggest resource we have, and,

8. The classroom is a mirror of local culture.

But challenges apply to the immersion education system. Niamh Ní Mhalaóin cites:

one of the weaknesses that are recognised in the immersion system in general is that a full language context cannot be created within the classroom because the natural context is not there. To that end, it is necessary for *Gaelscoileanna* to get the best use and benefit from the other resources available to them. One of the biggest resources there is, is the schoolyard. Because it is a target of the *Gaelscoil* to provide an opportunity to children to spend a whole school-life through Irish, there is an extreme importance attached to a strong school policy in the yard. Not only does the teacher have supervisory duties in the yard, but there also rigid language duties. The teacher has to be always listening and giving attention to the children's language, to the language they use, and to the language they need. The teacher will positively mould the language... There is no doubt that there is effort involved with this work (2005:25)

Any of you who ever stand in the yard of a *Gaelscoil* will understand that there is effort involved with this work, effort that never stops.

With regard to the research, Muiris Ó Laoire (2005) said during *Gaelscoileanna*'s conference, whilst talking about additive bilingualism and immersion education, he said that:

150 research projects over 35 years show the same results ...

- as regards immersion education. They show

... benefits from the point of view of

- education
- disposition
- use and extension of the language in the society
- and the learning of other languages.

Tá tumoideachas á chleachtadh in Éirinn le fada an lá, ó bhunú an Stáit ina leith. Córas éigeantach gan dabht a bhí ann ó thús, agus ní raibh rogha ag tuismitheoirí ag an am ach a bheith páirteach sa chóras. Ag an am, ceapadh go bhféadfaí an tír a ath-Ghaelú tríd an gcóras oideachais. De réir Kelly (2002), bhí cuid mhór den mhilleán curtha ar an gcóras oideachais Gallda, mar gheall ar mheath na Gaeilge den chéad bhliain roimhe sin. Bhí sé mar aidhm, mar sin, malairt gnímh a dhéanamh le córas tumoideachais, éigeantach, lán-Ghaelach a chur i bhfeidhm i scoileanna náisiúnta na tíre mar pholasaí Stáit:

Ó 1926 i leith, is ea a cuireadh an polasaí éigeantach, teagasc iomlán tré Ghaeilge i bhfeidhm sna ranganna naíonáin: “all instruction in the first two years of primary schools should be through Irish” (lth. 43).

Maidir le ról na dtuismitheoirí nuair a fíoraíodh do Thomás Ó Deirg a bhí ina Aire Oideachais timpeall ar an am sin, dúirt sé ‘I cannot see that parents, as a body, can decide this matter’ (Kelly, 2002:19). Bhí sé róthábhachtach is dócha. Mar ionadaí tofa na dtuismitheoirí ar COGG, ar thuismitheoirí na nGaelscoileanna, measaimse go bhfuil cearta ag tuismitheoirí Gaelscoileanna agus go mba cheart don Roinn Oideachais na cearta sin a aithint.

Déanann Ní Fhearghusa (1998) cur síos ar conas mar a athraíodh an polasaí éigeantach Gaeilge ina dhiaidh sin. Bhí go maith, bhí an polasaí éigeantach seo, bhí gach rud dhul a bheith go dial, ach níorbh amhlaidh a bhí:

D’eisigh an Roinn Oideachais Imlitir nua ...

- cloisfidimid faoin bhfocal sin ar bhall beag,

... (Imlitir 11/60) lenar cuireadh in iúl do scoileanna nár ghá a thuilleadh na Naíonáin a mhúineadh go hiomlán trí Ghaeilge agus go bhféadfaí an bhéim air seo a athrú go múineadh na Gaeilge mar ábhar dá gceapfadh na múinteoirí go ndéanfadh na daltaí dul chun cinn níos fearr ó thaobh na Gaeilge de i gcoitinne (lth. 19).

Míníonn sí gur thit líon na scoileanna a bhí ag teagasc trí Ghaeilge go tubaisteach sna seascaidí go dtí nach raibh ach 11 bhunscoil agus cúig iar-bhunscoil sa Ghalltacht ag teagasc trí mheán na Gaeilge i dtús na seachtóidí. Tá tagairt déanta ag Ó Riain (1994) agus ag Ó Domhnalláin (1978) a léiríonn go raibh go leor cúiseanna eile leis an meath ollmhór sin. I dteannta le hImlitir 11/60, luaitear:

dúnadh na gcoláistí ullmhúcháin, 1960-1964; ... tuairisc Macnamara ...

- ar luaigh mé ó chianaibh agus an diúltachas a bhaineann leis an dátheangachas a cheap Macnamara

...ar thionchar na Gaeilge ar pháistí bunscoile, 1966; ...curaclam nua bunscoile, 1971; deireadh le hoiliúint mhúinteoirí trí Ghaeilge le linn na seascaidí (1994: 51)

Ceapaimse go bhfuilimid mar thír anois ar an t-aon tír ar domhan gurb eol domsa, nach féidir oiliúint a chur ar ár múinteoirí féin trínár gcéad teanga náisiúnta, ár gcéad teanga oifigiúil, ár dteanga náisiúnta féin. Is bocht an scéal é.

Immersion education is being practiced in Ireland for a long time now, since the foundation of the State. It was an obligatory system without doubt, from the start, and parents at the time only had the choice to be a part of the system. At the time, it was thought that the country could be re-gaelicised through the education system. According to Kelly (2002), a lot of blame was accorded to the anglicised education system, because of the decline of the Irish language for the previous 100 years. It was therefore an aim to act alternatively by implementing an obligatory all-Irish immersion education system in the country's national schools as a State policy:

Since 1926, an obligatory teaching policy was implemented in the infant classes: "all instruction in the first two years of primary schools should be through Irish" (p.43).

With regard to the role of parents, when Tomás Ó Deirg, who was Minister for Education around that time, was asked, he said 'I cannot see that parents, as a body, can decide this matter' (Kelly, 2002:19). It was too important I suppose. As an elected representative of parents on COGG, of Gaelscoil parents, my opinion is that Gaelscoil parents have rights and that the Department of Education should recognise those rights.

Ní Fhearghusa (1998) describes how the compulsory Irish policy was changed after that. This compulsory policy was fine, everything was going to be great, but it wasn't so:

The Department of Education issued a new circular...

- we will hear about that word in another little while,

...Circular 11/60 in which it was stated that schools no longer required to teach the infant classes wholly through Irish, and that the emphasis on this could be changed to the teaching of Irish as a subject if the teachers thought that the students could make better progress in Irish in general (p.19).

She explains that the number of schools that were teaching through Irish fell drastically in the sixties to the point that only 11 primary schools and five post-primary schools in the Pale were teaching through Irish at the start of the seventies. Ó Riain (1994) and Ó Domhnalláin (1978) have citations that show that there were lots of other reasons behind that huge decline. Along with Circular 11/60, it is cited that:

the preparatory colleges were closed, 1960-1964; ... Macnamara's report ...

- which I mentioned a while ago and the negativity which Macnamara thought was associated with Irish

... on the influence of Irish on primary school students, 1966; ... a new primary school curriculum, 1971; the end of training teachers through Irish during the sixties (1994: 51)

I think that we are now the only country in the world, to my knowledge, that cannot train our own teachers in our own first national language, our first official language, our own national language. It is a sad story.

Is fiú a mheabhrú dúinn féin anois cad é go díreach a bhí luaithe in imlitir 11/60 a chuir deireadh le múineadh trí mheán na Gaeilge sna seascaidí. Dúradh:

... Ba mhaith leis an Aire a chur in iúl a mhéid is atá se ag dréim leis go ndéanfaidh na múinteoirí gach dícheall chun labhairt na Gaeilge a chur ar aghaidh i measc na ndaltaí oiread agus is féidir agus a luaithé agus is féidir. Chuige sin, má tharla múinteoir sásta i leith na ndaltaí atá aige i rang sóisear bliain ar bith, ag féachaint dó dá gcaighdeán intleachta &rl gur mó de dhul chun cinn a dhéanfaidís ó thaobh labhairt na Gaeilge dá dtógfaí an béim ó theagasc trí Ghaeilge ina gcás-san agus é do chur ar theagasc gnáth-chomhrá Gaeilge, beidh lán-saoirse aige é sin a dhéanamh. Beidh sé sin ar ndó faoi réir na tuiscinte go meastar a chuid oibre i gcás na Gaeilge go príomha ó thaobh an dul chun cinn i labhairt na teanga a bheidh déanta ag na daltaí (Imlitir 11/60).

Ní fheadar an ndearna aon duine aon athbhreithniú ar an gceist sin i rith na seascaidí, nó i dtús na seachtóidí nó fiche bliain istigh nuair a bhíomar tar éis an córas a bhí ann a chaitheamh amach ar mhaithé leis an nGaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithé leis na caighdeáin Ghaeilge a ardú agus ar mhaithé - a dúramar ag an am - leis na daltaí, agus chun a chur ar chumas na ndaltaí sin Gaeilge a bheith acu.

Is mar seo a chuireann Mac Einrí (2007) síos ar an gcóras atá in Éirinn faoi láthair. Deir sé:

Immersion education, where learners are educated in whole or in a significant part through a language other than their first language, is now firmly established internationally and in Ireland, ...

- dúirt sé in 2007 sula bhfógraíodh imlitir eile,

...North and South as a successful and effective form of education. It aims to develop a high standard of language competence in the immersion language, but must also, and can ensure at least a similar level of achievement in the first language as that reached by pupils attending monolingual schools (lth.4).

Ó bunaíodh an stáit tá athrú iomlán tarlaithe mar sin, ó pholasáí tumoideachais iomlán éigeantach go staid ina bhfuil an tumoideachas iomlán roghnach sa lá atá inniu ann.

Maidir le Gaelscolaíocht na linne seo, ní gá duit do pháiste a chur ag Gaelscoil mura roghnaíonn tú Gaelscoil. Tá scoileanna i ngach paróiste atá ag teagasc trí Bhéarla. Is rogha atá sa ghaelscolaíocht do dhaoine a roghnaíonn an ghaelscolaíocht. Is fiú a lua freisin go bhfuil an tréimhse anois, an tréimhse fháis do na nGaelscoileanna ó thús na seachtóidí, níos faide mar thréimhse ná mar a bhí an tréimhse sin ó bhunú an Stáit go dtí imlitir 1960, agus go bhfuil sé fós ag dul i méid, mar gur gluaiseacht mar a thug Ó Laoire air ‘ón ithir aníos’ atá ann. Gluaiseacht atá curtha ar bun ag tuismitheoirí ón talamh aníos.

Ní gluaiseacht atá curtha ar bun ag an Stát, ná go deimhin féin ag an Roinn Oideachais, agus má táimid le tuairiscí nuachta a chreidiúint, ní chuirimis an Roinn chéanna i mbun bunú scoileanna ach an oiread mar nior éirigh leo ach ceathrar nó cúigear dalta a fháil in iarthar Bhaile Átha Cliath, áit atá breac le tithe, agus breac le teaghlaigh óga. Ní dóigh liom gurb é sin an cur chuige is fearr ach an oiread.

It is worth reminding ourselves now what exactly was in question in Circular 11/60 that ended teaching through the medium of Irish in the sixties. It was said:

... The Minister would like to draw attention to how much he is aspiring to that teachers make every effort to further the speaking of Irish amongst students as much as possible, and as soon as possible. To that end, if it happened that a teacher happy with his students in any year of a junior class, by looking at their intellectual standard etc, and estimated that they would make the most progress in terms of the speaking of Irish, if the emphasis was taken off the emphasis of instruction through Irish in their case and focussed on the teaching of a normal conversation of Irish, he will have full freedom to do that. That will, of course, be according to the understanding that his work in terms of Irish be judged primarily on the students' progress as regards the speaking of the languages (Circular 11/60).

I don't know if anybody reviewed that question during the sixties, because at the start of the seventies, or twenty years in, after we threw out the system that was there for the sake of promoting of Irish and for the sake of raising the standards of Irish, and for the sake - as we said at the time - of the students, and for empowering those students to acquire Irish.

This is how Mac Einrí (2007) describes the system in Ireland at present. He says:

Immersion education, where learners are educated in whole or in a significant part through a language other than their first language, is now firmly established internationally and in Ireland, ...

- he said in 2007 before another circular was announced,

... North and South as a successful and effective form of education. It aims to develop a high standard of language competence in the immersion language, but must also, and can ensure at least a similar level of achievement in the first language as that reached by pupils attending monolingual schools (p.4).

Since the State was founded, a complete change has occurred, from an obligatory full immersion education policy to a state today in which immersion education is totally optional.

As regards today's all-Irish schooling, you do not have to send your child to a *Gaelscoil* if you do not chose a *Gaelscoil*. There are schools in every parish, which are teaching through English. All-Irish schooling is an option for people who choose all-Irish schooling. It is worth mentioning too that this current period, the period of growth for *Gaelscoileanna* since the beginning of the seventies, longer as a period than the period from the foundation of the State to 1960's circular, and that it is still growing, because it is a movement, as Ó Laoire called it 'from the soil upwards'. It is a movement established by parents from the ground upwards.

It is not a movement established by the State, or even by the Department of Education, and if we are to believe news reports, we wouldn't put the same Department in charge of establishing schools either because they only succeeded in enrolling four or five students in west Dublin, a place that is dotted with houses and with young families. I don't think that is the best approach either.

Tá saghsanna éagsúla tumoideachais ann. Is tumoideachas iomlán, nó luath-thumadh iomlán, nó lántumadh luath, nó aon téarma gur mhaith leat, nó lántumoideachas mar a thugann Harris air, atá á chleachtadh i nGaelscoileanna na tíre seo faoi láthair. Is mar seo a dhéanann Ní Mhaoláin ón eagraíocht Gaelscoileanna Teo. cur síos ar an gcleachtas in 2005:

Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain ar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh/shealbhú i suíomh scolaíochta ... Ciallaíonn córas tumoideachais go bunúsach go dtuntar na páistí sa sprioctheanga (lth.9)

Cuireann Johnson & Swain síos ar na saghsanna éagsúla tumoideachais. Tá éagsúlacht leibhéil ina dtosaítear an tumoideachas. Luath-thumadh a thugtar ar an saghas tumoideachais a thosaítear ag leibhéal na naíonán. Tá cláir mheántumadh agus tumadh déanach i dtíortha eile freisin ach níl a leithéid i scoileanna na tíre seo faoi láthair cé gur suimiúil gurb é sin ar mhol Harris nuair a fuair Harris amach go raibh an tóin tite as an gcaighdeán Gaeilge i ranganna gnáthscoileanna in 2006. Mhol sé:

cineálacha idirmheánacha den tumoideachas a fhorbairt, nach mbeidh chomh huailmhianach leis an gcur chuige lán-tumoideachas sna scoileanna lán- Ghaeilge ach a bheidh níos uailmhianaí ná an clár leathnaithe ábhair-amháin. Tá na cláir idirmheánacha sin réasúnta coitianta in áiteanna eile (2006:192)

Sin bun-fhadhb atá againn sa tír seo ná nach bhfuil an contanam tumoideachais ann, nach bhfuil de rogha ag tuismitheoirí na hÉireann faoi láthair ach a bpáiste a chur ag scoil atá ag teagasc trí Bhéarla nó scoil atá ag teagasc go hiomlán is go huile trí mheán na Gaeilge. Agus ba dhóigh leat go mbeadh an Stát seo chun cinn, Stát atá ag iarraidh a bheith dátheangach, go bhfuil sé mar aidhm againn ár saoránaigh a bheith dátheangach, ba dhóigh leat go mbeimis ábalta, cineálacha éagsúla clár a chur ar fáil do thuismitheoirí na tíre. Mura dtéann sé ar thraein an tumoideachais ag leibhéal na naíonán, bhuel déan dearmad air don chuid is mó acu. Ní bheadh an rogha acu i ndiaidh sin, faraor.

Úsáidtear gan dabht an curaclam nua bunscoile atá againn go minic chun a chur in iúl dúinn go bhfuil na cleachtais atá ar siúl in ár nGaelscoileanna mídhleathach agus nach bhfuil siad ag teacht leis an gcuraclam nua. Bhuel a chairde is raiméis atá ansin.

Níl aon ní luaite i gCuraclam nua na Bunscoile a chuireann cosc ar thumoideachas iomlán. Níl ach na ranganna roinnte ina ranganna aonair don mhatamaitic amháin. I ngach ábhar, agus ó thaobh teangacha de, i nGaeilge agus i mBéarla, is rang-ghrúpaí Naíonán a hAon agus a Dó, Rang a Trí agus a Ceathair, a Cúig agus a Sé atá luaite sa churaclam, agus luaitear na spriocanna foghlama, atá luath chun a bheith athbhaiste mar thorthaí foghlama má chreidimid na scéalta, luaitear na spriocanna foghlama a bhaineann leo sin go sonrach do na rang-ghrúpaí sin, do na naíonáin. Is fiú é sin a choimeád san áireamh.

Cé go bhfuil dhá theanga i gceist ón tús, níl aon treoracha foilsithe i gCuraclam na Bunscoile ná ag cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, faoin mbealach is éifeachtaí chun an dátheangachas agus forbairt na délitearthachta laistigh den chóras bunscoile a chur i bhfeidhm. Níl an córas tumoideachais luaite i gCuraclam na Bunscoile agus níl sainmhíniú i gCuraclam na Bunscoile ar an délitearthacht faoi láthair. Tá sainmhínithe ar an délitearthacht tugtha ag

There are different kinds of immersion education. Full immersion education, or full early-immersion or early full-immersion, or whatever term you like, or as Harris calls it, full immersion education, is being practiced in this country's *Gaelscoileanna* at the moment. This is how Ní Mhaoláin, from *Gaelscoileanna Teoranta* describes the practice in 2005:

Full immersion education is recognised all over the world as the most effective system to teach the second language or to gain it in a school setting... An immersion education system basically means that the children are immersed in the target language (p.9)

Johnson and Swain describe the different kinds of immersion education. There is a diversity of levels in which immersion education begins. Early immersion is the kind of immersion education that begins at the level of infant classes. There are medium-immersion and late-immersion programmes in other countries too, but there isn't the like in the country's schools at the moment, even though it is interesting that that is what Harris recommended when he found that the bottom had fallen from the standard of Irish in classes of ordinary schools in 2006. He recommended that:

different kinds of intermediate immersion education be developed, that wouldn't be as ambitious as the full immersion education approach taken in all-Irish schools, but that would be more ambitious than the extended one-subject programme. Those intermediate programmes are reasonably common in other places (2006: 192)

A basic problem we have in this country is that there is no immersion education continuum; that Ireland's parents don't have any choice but to send their child to a school that is teaching through English or to a school that is teaching completely through the medium of Irish. And you would think that this State would be ahead of the pack, a State that aspires to be bilingual, that it is our aim to have bilingual citizens. You would think that we would be able to provide the country's parents with different kinds of programmes. If they don't sail on the immersion education boat at infant classes' level, well forget it for the most of them. They wouldn't have any choice after that, unfortunately.

The new Primary School Curriculum is often used without doubt to let us know that the practices in our *Gaelscoileanna* are illegal and that they are not in harmony with the new curriculum. I can tell you that this is nonsense.

There is no such thing mentioned in the new Primary School Curriculum that bans full immersion education. The classes are divided up into individual classes for mathematics only. In every subject, and from the point of view of languages, in Irish and in English, the class-groups Infant Classes, First and Second, Third and Fourth, Fifth and Sixth are mentioned in the curriculum, and the learning targets are mentioned - which will soon be renamed as learning results if we believe the stories - the learning targets that apply to them are mentioned specifically for those class-groups, for the infants. It is worth keeping that in mind.

Even though two languages are in question from the start, there are no guidelines published in the Primary School Curriculum, or by the Department of Education and Science's inspectorate, about the most effective way to implement bilingualism and the development of dual literacy within the primary school system. There is no immersion education system mentioned in the Primary School Curriculum and there is no definition of dual literacy in the Primary School Curriculum at present.

cigireachtaí eile, in áiteanna eile a léiríonn “The ability to speak, read and write easily in both languages and also the ability to move fluently between languages are part of dual literacy” (2002:3).

Cén fáth a bhfuil creatlach ama molta - agus tá an-chuid ráite faoin gcreatlach - nó faoin íosmhéid ama atá molta, “that’s recommended for teachers”. Cén fáth go bhfuil sé sin molta sa churaclam? Deir an curaclam linn go bhfuil sé molta:

D’fhonn cuidiú le múinteoirí agus le scoileanna cur i bhfeidhm an churaclaim a phleanáil, moltar creatlach ama a dháileann íosmhéid ama ar gach achar den churaclam ... Tá sé tábhachtach go n-úsáidfeadh na múinteoirí an chreatlach atá molta maidir le dáileadh ama ar an mbealach is solúbtha, d’fhonn teagasc an churaclaim a dhéanamh chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir (Curaclam na Bunscoile, 1999, Réamhrá: 67-68).

Measaim go bhfuil an-tábhacht ag baint leis na habairtí sin, mar sin é go díreach, is dóigh liomsa, an úsáid atá á baint ag Gaelscoileanna, scoileanna lántumoideachais, as an gcuraclam chun an teagasc sa churaclam a dhéanamh chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

Iarrtar ar mhúinteoirí, dála an scéil, sa churaclam céanna ‘caithfidh sé/sí cur chuige nuálach i leith an teagaisc a chleachtadh agus bheith eolach ar athruithe agus forbairtí i dteoiric agus i gcleachtadh an oideachais’ (ibid:21). Anois, is dóigh liom, go bhfuil an-chuid foghlamtha againn faoi shealbhú teanga agus foghlaim teanga ó chuaigh Macnamara ar an mbóithrín seo, agus is dóigh liom go mba cheart dúinn cuid den mhéid atá foghlamtha againn mar gheall ar an luath-thumoideachas iomlán a chur i bhfeidhm. Ní léir dúinn, áfach, go bhfuil an “tumoideachas iomlán” i measc na bhforbairtí i dteoiric atá i gceist ag an gcuraclam.

Aithnítear an sainspiorad teangeolaíochta atá ag scoileanna san Acht Oideachais agus iarrtar, nó leagtar cúram, ar an mbord bainistíochta:

spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspoirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach as iad a chosaint ... (1998:15 (2) (b))

Tuigtear dom, nuair a bhíonn tú cuntasach don phatrún, tá tú cuntasach don phatrún as na saintréithe sin a chosaint.

Seo an méid a deir an réamhrá faoi theanga sa churaclam, deirtear:

Cuimsíonn teanga sa Churaclam an Ghaeilge agus an Béarla, agus múinteoir í i dtrí chomhthéacs dhifriúla scoile: scoileanna arb é an Béarla máthairtheanga na bpáistí agus an príomh-mheán teagaisc iontu; scoileanna arb í an Ghaeilge go coitianta teanga an bhaile agus an meán teagaisc na scoile; agus scoileanna lán-Ghaeilge arb í, nó nach í, an Ghaeilge teanga an bhaile ach arb í meán teagaisc na scoile í (1999:43).

Aithníonn an Curaclam go bhfuil trí chomhthéacs difriúla scoile, trí fhoshuíomh éagsúla sochtheangeolaíochta teanga, más maith leat, ina bhfuil teanga dá mhúineadh sa tír seo.

Other inspectorates have given definitions of dual literacy, in other places that show ‘The ability to speak, read and write easily in both languages and also the ability to move fluently between languages are part of dual literacy’ (2002:3).

Why is there a time framework recommended - and there is a lot said about the time framework - or about the minimum time “that’s recommended for teachers”? Why is that recommended in the curriculum? The curriculum tells us that it is recommended

To assist teachers and schools in planning the implementation of the curriculum, a time framework is suggested that allocates a minimum time to each of the curriculum areas ... It is important that teachers use the suggested framework on time allocation in the most flexible way, in order to make the mediation of the curriculum as effective and efficient as possible (1999, Introduction: 67-68).

I believe that a lot of importance is attached to those sentences, because that is exactly, in my opinion, what *Gaelscoileanna* - full immersion schools - are using from the curriculum to make the teaching in the curriculum as effective and as efficient as possible.

Teachers are asked, by the way, in the same curriculum ‘the teacher needs to adopt innovative approaches to teaching and to be aware of changes and developments in educational theory and practice’ (ibid: 21). Now, I think that we have learnt a lot about language acquisition and learning since Macnamara went down this path, and I think we should implement some of what we have learnt about full early-immersion education. It is not apparent to us either if “full immersion education” is amongst the developments in question in the curriculum.

The Education Act recognises the characteristic linguistic spirit of schools, and the bord of management is asked, or duty is placed on it to:

uphold, and be accountable to the patron for so upholding, the characteristic spirit of the school as determined by the cultural, educational, moral, religious, social, linguistic and spiritual values and traditions which inform and are characteristic of the objectives and conduct of the school ... (1998: 15 (2) (b))

As far as I know, when you’re accountable to the patron, you’re accountable to the patron for upholding those characteristics.

This is all that the introduction says about language in the curriculum, it says:

Language in the Curriculum comprises Gaeilge and English and it is taught in three different school contexts: schools in which English is the mother-tongue of the children and the principal medium of instruction; schools where Irish is, typically, the language of the home and in the medium of instruction in school; and scoileanna lán-Ghaeilge, where Irish may or may not be the language of the home, but where it is the medium of instruction in school (1999: 43)

The Curriculum recognises that there are three different kinds of school contexts, three different sociolinguistic situations, if you want, in which a language is taught in this country.

Aithníonn Curaclam na Bunscoile a leithéid, agus deirtear:

Tá dhá churaclam ann sa Ghaeilge: ceann do scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus ceann eile do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. I scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc, tugtar deis do na páistí inniúlacht chumarsáide a bhnothú ar féidir forbairt a dhéanamh uirthi in oideachas an dara leibhéal agus sa saol ina dhiaidh sin ...

- Ní deir sé sin mórán.

... I scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, is í an Ghaeilge teanga na scoile. Cuireann an curaclam do na scoileanna seo comhthéacs ar fáil ina ngnóthóidh na páistí máistreacht níos leithne ar an nGaeilge. Déanfar a n-oilteacht a threisiú a thuilleadh trí thairbhí a fháil ar an nGaeilge mar mheán foghlama (ibid).

Níl aon aitheantas tugtha sa Churaclam Bunscoile do na suímh éagsúla ceannann céanna ina bhfuil Béarla á theagasc. Ar an lámh amháin deir an Curaclam linn ‘cuimsíonn teanga sa Churaclam an Ghaeilge agus Béarla’ agus aithnítear trí chomhthéacs sochttheangeolaíoch éagsúla don Ghaeilge. Ar an lámh eile don Bhéarla, feileann rud amháin do chách agus ar aghaidh leat.

Níl sé sin maith go leor i mo thuairimse. Níl ach curaclam amháin ann do gach aon suíomh. Is cuma cén saghas scoile atá i gceist. Meastar go bhfuil curaclam an Bhéarla oiriúnach don Ghaeltacht, don Ghalltacht agus don ghaelscoil. Níl na focail “Gaeltacht”, “scoil lán-Ghaeilge” nó “Gaelscoil” fiú amháin luaite sna leabhair churaclaim don Bhéarla. Chomh fada is a bhaineann sé leis an Béarla sa tír seo, ní ann don Ghaeltacht, ná do scoil lán-Ghaeilge ná don Ghalltacht ach an oiread.

Cuimsíonn teanga sa churaclam an Ghaeilge agus an Béarla, mar a dúirt mé. Ach, is léir ó scrúdú níos doimhne go bhfuil teanga áirithe níos tábhachtaí ná teanga eile chomh fada is a bhaineann sé le litearthacht:

Leagtar béim faoi leith ar theanga ó bhéal sa churaclam toisc go bhfuil sí fíorthábhachtach i dtaca le forbairt chumas ginearálta teanga an pháiste. Is toisc chinntitheach i bhforbairt chumas cognaíoch an pháiste í teanga ó bhéal agus éascaíonn sí sealbhú scileanna sóisialta agus cumarsáide. Thar aon ní eile, is í an eilimint is mó a dhéanann an curaclam Béarla a chomhtháthú i (ibid: 45).

An teanga ó bhéal is minice a úsáidtear chun a dhaingniú go mbeidh Gaelscoileanna ag múineadh Béarla sna naíonáin. Níl ráiteas mar sin déanta i gcomhthéacs na Gaeilge más ea: ‘Is gné rithábhachtach den churaclam Béarla é sealbhú scileanna litearthachta’ (ibid: 45). Ní luaitear an focal “litearthacht” fiú uair amháin i gCuraclam na Gaeilge. Má tá páistí Gaeltachta atá á dtógáil le Gaeilge, nó páistí i nGaelscoil atá á dtógáil le Gaeilge, nó nach bhfuil á dtógáil le Gaeilge, atá curtha chuig an nGaelscoil chun ardchaighdeán litearthachta agus cumas sa teanga a fhorbairt - creid é nó ná creid é nach bhfuil an focal litearthacht luaite i gCuraclam na Gaeilge. Bíonn ort dul go dtí na treoirilínte do na múinteoirí sula gcastar an focal ort. Níl aon chur síos sna treoirilínte déanta ar shealbhú scileanna litearthachta trí Ghaeilge ach an méid seo:

The Primary School Curriculum recognises such situations, and says:

There are two curriculums in Gaeilge: one for schools where English is the medium of instruction and one for Gaeltacht schools and scoileanna lán-Ghaeilge. In schools where English is the medium of instruction, children are given the opportunity to achieve a competence in Gaeilge, that can be developed in second-level education and in later life ...

- That does not say much.

In Gaeltacht schools and scoileanna lán-Ghaeilge, Irish is the language of the school. The curriculum for these schools provides a context in which children will achieve a more extensive mastery of Irish. Their proficiency will be further enhanced by experiencing Irish as a learning medium (ibid).

Recognition is not given in the Primary School Curriculum for the same kind of situations in which English is being taught. On one hand, the Curriculum tells us that ‘Language in the Curriculum comprises Gaeilge and English’ and recognition is given to three sociolinguistic contexts for Irish. On the other hand for English, one size fits all and get on with it.

That is not good enough, in my opinion. There is only one curriculum for each situation. It doesn’t matter what kind of school is in question. It is judged that the English curriculum is suitable for the *Gaeltacht*, for the Pale, and for the *Gaelscoil*. The words “*Gaeltacht*”, “all-Irish school”, and “*Gaelscoil*” are not even mentioned in the curriculum books for English. As far as it concerns English in this country, the *Gaeltacht* does not exist, nor do all-Irish schools or the Pale.

‘Language in the Curriculum comprises Gaeilge and English’ as I said. But it is evident by delving deeper that one language is more important than the other language as far as it concerns literacy:

Oral language is accorded particular importance in the curriculum, as it is central to the development of the child’s general language ability. Oral language is a crucial factor in the development of the child’s cognitive abilities and it facilitates the acquisition of social and communicative skills. It is, above all, the principal integrating element in the English curriculum (ibid: 45).

It is the oral language that is used the most to ensure that *Gaelscoileanna* teach English in the infant classes. There is no statement like that made in the context of Irish, if so: ‘The acquisition of literacy skills is a key feature of the English curriculum’ it says (Primary School Curriculum 1999, Introduction: 45). The word “literacy” is not even mentioned in the Irish curriculum. If *Gaeltacht* children are being raised through Irish, or children in a *Gaelscoil* are being raised through Irish, or that are not being raised through Irish, that are sent to the *Gaelscoil* to develop a high standard of literacy and a capability in the language - believe it or not that the word literacy is not mentioned in the Irish Curriculum. You must go to the teachers’ guidelines before you come across that word. All that is described in the guidelines of literacy skills acquisition through Irish is this:

sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta moltar gan tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge agus an Bhéarla ag an am céanna agus an obair ó bhéal a luadh thuas a dhéanamh leis na páistí freisin. Socrófar sa scoil cén teanga lena dtosófar ar an léitheoireacht fhoirmiúil (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge, Treoirínte do Mhúinteoirí: 131).

Mar sin, is léir ón ráiteas go n-aithnítear go bhfuil an deis ann tosú leis an léitheoireacht fhoirmiúil i scoileanna lán Ghaeilge leis an nGaeilge, más é sin cinneadh na scoile.

Is gá, áfach, dul i muinín na dtreoirínte Béarla chun foghlaim conas é seo a dhéanamh. Tá an-chuid ráite sa churaclam mar gheall ar an gcéad bhliain agus obair bhéil sa Bhéarla, ach deirtear ann ‘Consequently, much of the English programme in the child’s first year at school will be devoted to oral language and informal reading activities’ (Primary School Curriculum 1999, English Guidelines: 50). Go bunúsach bímid ag díriú sa chéad bhliain ar shealbhú litearthachta agus scileanna litearthachta na bpáistí ó thaobh obair ó bhéal agus mar sin de.

Deir saineolaithe i dtíortha eile, Lindholm- Leary agus mar sin de, go dtacaíonn an taighde ar chórais tumoideachais go soiléir leis an luath litearthacht sa sprioc theanga seachas i mBéarla. Má tá an obair ó bhéal mar bhunús leis an léitheoireacht do dhaltáí atá ag tosú ag foghlaim tríd an dara teanga, agus go bhfuil cinneadh déanta ag an nGaelscoil na scileanna litearthachta sin a thosú go foirmiúil trí Ghaeilge agus iad ag úsáid clár an Rialtais, nó clár na Roinne Oideachais ‘Séideán Sí’, ar mhaithe le rochtain iomlán an Churaclaim a chinntiú, luífeadh sé le réasún dar leat go dtumfaí na daltaí go hiomlán sa sprioctheanga chun an próiseas sealbhaithe sin a éascú dóibh seachas é a dhéanamh deacair dóibh. Ní haon iontas, mar sin, go bhfuil faighte amach ag taighdeoirí eile go bhfuil cleachtais éagsúla i nGaelscoileanna nuair nach bhfuil treoir soiléir tugtha sa churaclam. Ach bhí sé sin amhlaidh i gcás an oideachais speisialta agus gnéithe eile den churaclam chomh maith. Bhí an curaclam á chur i bhfeidhm sna scoileanna sular tháinig na treoirínte breise sin amach i ndiaidh sin. Agus táimid gann ar na treoirínte sin fós ó thaobh na nGaelscoileanna.

Deirtear sa churaclam Gaeilge ‘Ba cheart i gcónaí fanacht go mbíonn an páiste réidh don léitheoireacht agus bunús maith faoina c(h)umas cainte’ - sin faoin nGaeilge sa ghnáthscoil (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge: 5).

Ag eascairt as seo, tá ceisteanna rithábhachtacha. An bhfuil an luaththumadh iomlán á chleachtadh i nGaelscoileanna le cinntiú go bhfuil bunús maith faoi chumas cainte na ndaltaí sula dtosaíonn siad ar scileanna léitheoireachta i dteanga na scoile? Is dóigh liomsa go bhfuil: ‘De ghnáth, ní thosófar ar léitheoireacht ar churaclam na Gaeilge go foirmiúil roimh rang a dó i scoileanna T2’ (Curaclam na Bunscoile, 1999, Gaeilge, Treoirínte do Mhúinteoirí: 10).

Faoin am seo, beidh bunús maith ag an bpáiste i léitheoireacht an Bhéarla, agus b’fhéidir go dtarlóidh méid áirithe traschuir don traschur scileanna. Ach is léir ón gcuraclam nach dtarlaíonn traschur ach ó Bhéarla go Gaeilge. Ní léiríonn an curaclam dúinn go dtarlaíonn traschur ó Ghaeilge go Béarla. Aithníonn na saineolaithe, áfach, go dtrasnaíonn scileanna léitheoireachta ó theanga go teanga, fiú nuair nach bhfuil na teangacha an-chosúil lena chéile. Maíonn Cummins (1998) gur dóichí éascú an traschuir seo ó mhionteanga go móртеanga. Deir sé ‘Transfer is more likely to occur from minority to majority language because of the greater exposure to literacy in the majority language outside of school and the strong social pressures to learn it’ (1th.5).

in the all-Irish and *Gaeltacht* schools, it is recommended not to begin formal reading of Irish and of English at the same time and as was mentioned above, to do the oral work with the children. It will be decided in the school with which language formal reading will begin (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge, Treoirínte do Mhúinteoirí: 131).

Therefore, it is evident from the statement above that it is recognised that the opportunity is there to start formal reading with Irish in all-Irish schools, if that is the school's decision.

It is necessary, however, to resort to the English guidelines to learn how to do this. There is a lot said in the curriculum about first year and oral work in English, but it says there 'Consequently, much of the English programme in the child's first year at school will be devoted to oral language and informal reading activities' (Primary School Curriculum 1999, English Guidelines: 50). Basically in the first year, we focus on the children's literacy acquisition and literacy skills from the point of view of oral work and so forth.

Experts in other countries, such as Lindholm-Leary say that the research on immersion education systems support early literacy in the target language, instead of in English. If the oral work is a basis for reading for students that are starting to learn through the second language, and if the *Gaelscoil* has decided to formally begin the literacy skills through Irish as they use the Government's programme, or the Department of Education's programme 'Séideán Sí' for the sake of ensuring complete access of the curriculum, it would stand to reason, it seems, that the students be immersed fully in the target language to facilitate that acquisition process for them, instead of making it difficult for them. It is no wonder, therefore, that other researchers have found that there are different practices in place in *Gaelscoileanna* when there is no clear guidance given in the curriculum. But that was the case with special education and other aspects of the curriculum as well. The curriculum was being implemented in the schools before extra guidelines came out after that. And we are still want of those guidelines from the point of view of *Gaelscoileanna*.

It says in the Irish curriculum 'One should wait until the child is ready for reading and has a good basis for oral competency' – that is with regard to Irish in the ordinary school (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge: 5).

All-important questions stem from this. Is full early immersion being practiced in *Gaelscoileanna* to ensure that students have a good basis for oral competency before they start reading skills in the language of the school? I think it is: 'Usually, reading does not formally begin in the Irish curriculum before Second Class in T2 schools' (Curaclam na Bunscoile, 1999, Gaeilge, Treoirínte do Mhúinteoirí: 10).

By this stage, the child will have a good grounding in reading of English, and maybe some transference will happen to the transfer of skills. But it is evident from the curriculum that transference only happens from English to Irish. The curriculum doesn't show us that transference happens from Irish to English. The experts recognise, however, that reading skills do cross from language to language, even when the languages are not very similar. Cummins (1998) claims that 'Transfer is more likely to occur from minority language to majority language because of the greater exposure to literacy in the majority language outside of school and the strong social pressures to learn it' (p.5).

Deir Cummins gur éasca agus gur fusa agus gur dóichí go dtarlóidh níos mó traschuir ón mion-teanga go dtí an mórtheanga. Níl ráiteas ama cinnte sa churaclam cathain go mba cheart tosú le léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla. Dá mbeadh, mar shampla, ráiteas ann a léireodh, de ghnáth tosóidh Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla i Rang a hAon, bhainfeadh sé sin cuid mhaith den tasc agus den éiginnteacht go léir atá ann faoi láthair. Cad a deir an curaclam faoin tumoideachas agus tússteanga na léitheoireachta? Deirtear linn ó thíortha eile ina bhfuil an tumoideachas iomlán i bhfeidhm, seo an rud a tharlaíonn. San Albain, mar shampla:

In the case of children entering a Gaelic-Medium school at P1 who are not fluent Gaelic speakers, the main emphasis in the first two years will be on gaining oral competence in Gaelic. This is the immersion phase. In general, English should not be introduced until pupils have attained Level A targets in the four language outcomes in Gaelic (Scottish Office Education Department, June 1993: 1).

Deir Johnstone:

From the evidence of the study we conclude that pupils receiving Gaelic-medium primary education, whether or not Gaelic was the language of the home, were not being disadvantaged in comparison with children educated through English. In many though not all instances they outperformed English-medium pupils and in addition gained the advantage of having become proficient in two languages. As such, the findings of our research study ...

- sin focal nach eol don Roinn faoi láthair,

... though identifying areas for further progress should bring reassurance about the attainments achieved by Gaelic-medium pupils to parents, pupils, teachers, school managements, local authorities, national officials and not least the public in Scotland (Johnstone et al, 1999: 13).

Moltar an luath-thumadh iomlán mar chóras sa Bhreatain Bheag freisin, áit nach múintear Béarla do dhaltáí sna scoileanna Breatnaise go dtí mbíonn na daltaí sa tríú bliain scoile, ag tús Key Stage2. Bíonn na daltaí seo seacht nó ocht mbliana d'aois faoin am sin. Deir Johnstone faoin gcleachtas i gCeanada agus i dtíortha eile go dtosaíonn an tumadh iomlán sa kindergarten nó sa chéad ghrád agus bíonn an 100% sa sprioctheanga ar feadh ceithre nó cúig bliana an múnla is láidre chun inniúlacht sa sprioctheanga a fhorbairt. Agus an dátheangachas suimíoch mar phríomhaidhm ag Gaelscoileanna na tíre seo tá sé riachtanach go mbeadh an tumadh iomlán seo i bhfeidhm sna scoileanna.

Deir Ó Duibhir agus Ní Bhaoill in 2004: 'Tá sé le tuiscint go gcaithfidh dóthain teagmhála a bheith ag páistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge leis an nGaeilge chun cúiteamh a dhéanamh ar cheannasaíocht an Bhéarla le go mbainfidh siad dátheangachas suimíoch amach' (lth.12).

Is mar seo a deir Hickey i 1997 agus í ag cur síos ar naíonraí:

I gcláir thumoideachais ar nós na Naíonraí agus córas na nGaelscoileanna in Éirinn, tugtar tacaíocht ar bhonn an phobail agus ar bhonn na sochaí do theanga an mhóiraimh (An Béarla), agus cuirtear teanga na scoile (An Ghaeilge) le stór teangeolaíoch an pháiste (lth.4).

Cummins says that it is easier and more likely that transference will occur from the minority language to the majority language. There is no definitive statement of time in the curriculum about when formal reading in English should begin. If there were, for example, a statement that showed, that usually *Gaelscoileanna* and *Gaeltacht* schools begin formal reading in English in First Class, it would reduce a good part of the task and all of the uncertainty that exists at present. What does the curriculum say about immersion education and the initial language of reading? We are told from other countries in which full immersion education is implemented, that this is what occurs. In Scotland, for example:

In the case of children entering a Gaelic-Medium school at P1 who are not fluent Gaelic speakers, the main emphasis in the first two years will be on gaining oral competence in Gaelic. This is the immersion phase. In general, English should not be introduced until pupils have attained Level A targets in the four language outcomes in Gaelic (Scottish Office Education Department, June 1993: 1).

Johnstone says:

From the evidence of the study we conclude that pupils receiving Gaelic-medium primary education, whether or not Gaelic was the language of the home, were not being disadvantaged in comparison with children educated through English. In many though not all instances they outperformed English-medium pupils and in addition gained the advantage of having become proficient in two languages. As such, the findings of our research study ...

- that is a word which the Department doesn't know at present,

... though identifying areas for further progress, should bring reassurance about the attainments achieved by Gaelic-medium pupils - to parents, pupils, teachers, school management, local authorities, national officials and not least the public in Scotland (Johnstone et al, 1999: 13).

Full early immersion is recommended as a system in Wales as well, where English is not taught to students in the Welsh language schools until students are in the third year of school, at the start of Key Stage 2. These students are seven or eight years of age by that stage. About the practice in Canada and in other countries, Johnstone says that full immersion begins in kindergarten or in first grade and 100% in the target language for four or five years is the strongest model to develop competence in the target language. As additive bilingualism is the main aim of the country's *Gaelscoileanna*, it is necessary that this full immersion be implemented in the schools.

Ó Duibhir and Ní Bhaoill say in 2004: 'It is to be understood that children in *Gaeltacht* and all-Irish schools must have enough contact with Irish to compensate for the domination of English so that they can achieve additive bilingualism' (p.12).

This is how Hickey in 2007 describes all-Irish playgroups:

In immersion education programmes like the *naíonraí* and the *Gaelscoileanna* system in Ireland, support is given to the language of the majority (English) on a community and societal basis and the language of the school (Irish) adds to the child's linguistic store (p.4).

Sa tuairisc a d'ullmhaigh Steven May et al sa Nua Shéalainn don Aireacht Oideachas ansin, mar i dtíortha eile iarrann airí oideachais ar institiúidí taighde a dhéanamh chun a chur ar a gcumas a cinntí réasúnta, ciallmhara, eolaíocht bhunaithe a dhéanamh ar nithe a bhaineann le teanga na tíre agus le traidisiún agus le hoidhreacht na tíre. Sa Nua Shéalainn tarlaíonn sé sin, mar eolas daoibh. Léirítear gur mó buntáiste a bhaineann leis an dátheangachas suimíoch. Deir siad:

existing research points unequivocally ...

- is maith liom an focal sin,

... to the cognitive, social and educational advantages of bilingualism when an additive approach to bilingualism is taken. An additive approach to bilingualism presupposes that bilingualism is a benefit and resource, both for individuals and the wider society, which should be maintained and fostered (lth.1).

Sin í go díreach an réamhghlacan a bhíonn ag tuismitheoirí nuair a roghnaíonn siad Gaelscoileanna. Sin é go díreach an rud atá sa cheann ag an Rialtas nuair a bhí an ráiteas i leith na Gaeilge á chur amach acu, go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach do shocháil na tíre seo, d'oidhreacht na tíre seo agus don Eoraip cinnte.

Agus b'fhéidir gurb as an Eoraip a thioctaidh na freagraí seo go luath. San athbhreithniú ar an litríocht a rinne Ó Laoire agus Harris sa Samhain, 2006, don CNCM, bhí an-obair déanta acu agus an-taighde déanta acu agus an-phlé leis an earnáil déanta ag an CNCM chun teacht ar a leithéidí seo:

B'fhéidir nach bhfuil aon slí cheart amháin ann, aon straitéis bharr-mhaith amháin do thabhairt isteach na luath-léitheoireachta, a d'oirfeadh do gach scoil lán-Ghaelach.

- B'fhéidir nach bhfeileann rud amháin do chách, go bunúsach, a bhí siad ag rá. D'aontóinn leis sin.

B'fhéidir, mar sin, nár chóir a bheith ag iarraidh an choimhlint dhealraitheach churaclaim seo a réiteach le moladh uilíoch. B'fhéidir nach mbeadh moladh mar é, sa staid eolais ina bhfuilimid faoi láthair, chun leasa thodhchaí na scoileanna lán- Ghaeilge ná forbairt na litearthachta i bpáistí sna scoileanna sin (2006: 51).

- a dúirt Ó Laoire agus Harris don CNCM ag tagairt don staid eolais ina bhfuilimid nó sa dorchadas agus coinneal nó dhó fós ag lasadh.

Deir Kathryn J. Lindholm-Leary linn áfach, go léiríonn an taighde i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe go mba cheart an léitheoireacht a thosú tríd an sprioctheanga agus go mbíonn gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht inchomparáideach lena gcomhdháltaí i seomraí ranga aonteangacha faoi na meánbhlianta bunscolaíochta:

... that teaching literacy through the second language does not place language majority students at risk in their development of the two languages. By third or fourth grade they usually score at least as high as native English speakers from monolingual classrooms on standardized tests of reading achievement (Genesee, 1987; Lambert, Genesee, Holobow

In the report authored by Steven May et al in New Zealand for the Ministry of Education there - because in other countries ministers of education require institutes to do research to enable them to make reasonable, sensible and science-based decisions on things that apply to the country's language, tradition and heritage. In New Zealand, that happens, for your information. It is shown that more of an advantage applies to additive bilingualism. They say:

existing research points unequivocally...

- I like that word,

... to the cognitive, social and educational *advantages* of bilingualism when an additive approach to bilingualism is taken. An additive approach to bilingualism presupposes that bilingualism is a benefit and resource, both for individuals and the wider society, which should be maintained and fostered (p.1).

This is exactly what parents presuppose when they choose *Gaelscoileanna*, that is exactly what the Government had in mind when they were issuing their statement on the Irish language, that Irish is important for the country's society, heritage and for Europe certainly.

And maybe it will be from Europe that these answers will come soon. In the literature review carried out by Ó Laoire and Harris in November 2006 for the NCCA, having done very good work and research and with the NCCA having carried out a lot of discussion with the industry, they come up with this:

Maybe there is no one right way, no one superior strategy for the introduction of early literacy that would suit every all-Irish school.

- Maybe one size does not fit all is what they were basically saying. I would agree with that.

Maybe, therefore, this apparent curriculum contest should not be solved with one universal recommendation. Maybe a recommendation like this, in the information situation in which we are at present, would not benefit the future of the all-Irish schools or the development of literacy in children in those schools (2006: 51).

- is what Ó Laoire and Harris said to the NCCA whilst referring to the information situation in which we are, or the darkness in which a candle or two are still burning.

Kathryn J. Lindholm-Leary tells us however, that the research in Canada and in the United States shows that reading should begin through the target language and that the students' attainment in reading is not comparable with those of their fellow students in monolingual classrooms by the time of the intermediate years of primary school:

that teaching literacy through the second language does not place language majority students at risk in their development of the two languages. By third or fourth grade they usually score at least as high as native English speakers from monolingual classrooms on standardized tests of reading achievement (Genesee, 1987; Lambert, Genesee, Holobow & Chartrand,

& Chartrand, 1993; Lindholm-Leary, 2001; Lindholm-Leary & Molina, 2000). These results hold true for low- and middle-income African American students in French Immersion, and in Spanish and Korean dual language immersion programs ... thus the literature on bilingual and immersion education programs clearly supports early literacy instruction through the non-English language (Cloud et al 2000), (2005: 35).

Cad ina thaobh? Deirtear, cuid mhaith: ‘Experts in dual language programs note that dual language students will often read for pleasure in the non-English language in the first and second grade (2005: 36). Só tá siad ag léamh sa mhionteanga sa chéad rang agus sa dara rang, deir siad. Agus ansin tosaíonn siad sa tír sin ar an mBéarla.

Ach cén fáth a bhfuil litearthacht sa sprioctheanga tábhachtach? Deir siad ‘If the children do not begin reading in the non-English language until second or third grade, after they have begun reading in English, they may never choose to read for pleasure in the non English language’ (ibid).

Agus má tá cruthú de dhíth orainn air sin, labhair le haon duine a fáisceadh agus a tógadh agus a tháinig as an nGaeltacht, áit ar cuireadh, de ghnáth, oideachas nó léitheoireacht trí Bhéarla mar an gcéad rogha scolaíochta dóibh. Faraor níl an oiread sin léitheoirí fásta Gaeilge i nGaeltachtaí na tíre seo ag léamh dá bpléisiúr féin. B’fhéidir go bhfuil baint aige sin leis.

So “If the children do not begin reading in the non-English language ... after they have begun reading in English, they may never choose to read for pleasure”. Agus tuigeann gach uile dhuine sa seomra seo an tábhacht a bhaineann leis an léitheoireacht:

Based on international research it is argued that children in a total immersion situation can engage with literacy in the second language because their exposure to the first language is intense in the environment (Neil et al, 2000: 59 & Cummins, 2000a). If, therefore, a school adopts a policy of total immersion in junior infants then the introduction of literacy in Irish would appear to be the most appropriate (CNCM, 2006: 18).

- Sin an toradh a bhí ar an CNCM in 2006.

Leanfaidh mé ar aghaidh go tapa agus ag caint faoin teanga, faoin mBéarla agus faoi na teangacha Ceilteacha agus faoin nGaeilge. Tá roinnt taighde againn a léiríonn ... Deir Lyddy agus í ag cur síos ar ortagrafaíocht na Gaeilge a roinneann tréithe le teangacha ceilteacha eile, deir sí:

Welsh, Gaelic and Irish have relatively transparent alphabetic orthographies that have been subject to regular review and standardisation in recent decades. Notwithstanding differences across dialects, compared with English they have fewer inconsistencies, with relatively predictable print sound mappings (2005: 1).

Léirigh Spencer agus Hanley sa Bhreatain Bheag na buntáistí do dhaltaí na Breatnaise a d’fhoghlaim léitheoireacht trí Bhreatnais i gcomparáid le Béarlóirí a d’fhreastail ar scoileanna Béarla, leis an mbuntáiste is mó léirithe do na daltaí is laige. Go bunúsach bhí Spencer agus Hanley ag rá go mbeadh sé níos éasca léamh i mBreatain, nó scileanna litearthachta a shealbhú i mBreatain ná mar a bhí sé i mBéarla, go háirithe do na daltaí is laige agus na buntáistí is mó le feiceáil ansin. Tá Lyddy den tuairim chéanna agus í ag cur síos ar an ábhar seo i gcomhthéacs na hÉireann. Deir sí:

1993; Lindholm-Leary, 2001; Lindholm-Leary & Molina, 2000). These results hold true for low- and middle-income African American students in French Immersion, and in Spanish and Korean dual language immersion programs ... thus the literature on bilingual and immersion education programs clearly supports early literacy instruction through the non-English language (Cloud et al 2000), (2005: 35).

Why? It is often said: 'Experts in dual language programs note that dual language students will often read for pleasure in the non-English language in the first and second grade' (2005: 36). So they say they are reading in the minority language in First Class and Second Class. And then they start in that country in English.

But why is literacy in the target language important? They say 'If the children do not begin reading in the non-English language until second or third grade, after they have begun reading in English, they may never choose to read for pleasure in the non English language' (ibid).

And if we need proof of that, speak to anybody that was born and raised and came from the *Gaeltacht*, a place in which education or reading through English was usually the first option offered to them. Unfortunately there are not that many adult readers in Irish in this country's *Gaeltachtaí* reading for their own pleasure. Maybe that has something to do with it.

So "If the children do not begin reading in the non-English language...after they have begun reading in English, they may never choose to read for pleasure". And every single person in this room understands the importance of reading:

Based on international research it is argued that children in a total immersion situation can engage with literacy in the second language because their exposure to the first language is intense in the environment (Neil et al, 2000: 59 & Cummins, 2000a). If, therefore, a school adopts a policy of total immersion in junior infants then the introduction of literacy in Irish would appear to be the most appropriate (CNCM, 2006: 18).

- That was the NCCA's results in 2006.

I will continue quickly while speaking about language, about English and about Celtic languages and Irish. We have some research that shows... Lyddy says whilst describing the orthography of Irish that shares traits with other Celtic languages, she says:

Welsh, Gaelic and Irish have relatively transparent alphabetic orthographies that have been subject to regular review and standardisation in recent decades. Notwithstanding differences across dialects, compared with English they have fewer inconsistencies, with relatively predictable print sound mappings (2005: 1).

Spencer and Hanley in Wales showed the benefits for Welsh students who learned reading through Welsh, in comparison to English speakers who attended English-speaking schools, with the biggest advantage shown for the weakest students. Basically Spencer and Hanley were saying that it would be easier to read in Welsh, or to acquire literacy skills in Welsh than it was in English, especially for the weaker students and the biggest advantages to be seen there. Lyddy is of the same opinion while describing this subject in the context of Ireland. She says:

Data currently being analysed by my research team suggests similar benefits from Irish for reading generally. Studies from other countries support the idea that literacy emerges through immersion without disadvantaging the majority language. Some of these effects may be due to orthography. Perhaps, learning a shallow orthography encourages the relationship between writing and sound, facilitating reading generally... At the very least, it would appear that the concerns over the effect on English literacy are unsubstantiated (2005: 3).

Go bunúsach, tá gach dream eile, i ngach tír eile ina bhfuil an tumoideachas iomlán á chleachtadh, ag rá “that the concerns over the effect on English literacy are unsubstantiated”.

Deir Bournot-Trites that ‘the loss of instructional time in English in favour of the second language has never’ - agus ní deir taighdeoirí go mall é – ‘never been shown to have negative effects on the achievement of the first language.’ “The loss of instructional time in English in favour of the second language has never been shown to have negative effects on the achievement of the first language.”

Deir Cummins agus é ag cur síos air seo:

in some socio-linguistic contexts, transfer across languages not only compensates for the reduction of instruction in the majority language but also enhances aspects of students command of the majority language possibly as a result of the development of greater metalinguistic awareness (2005: 5).

Deir Cummins, ní hamháin nach bhfuil tú thíos leis, ach b'fhéidir go bhfuil tú thuas leis. B'fhéidir go bhfuil na buntáistí le baint as.

Dealraítear, agus sinn ag féachaint ar thaighde ó Thír na mBascach agus ón gCatalóin, go bhfuil buntáistí breise le baint as an gcóras tumoideachais agus do pháistí atá délitearthach sna tíortha sin i sealbhú na tríú teanga.

Deir Sanz (2000), ‘results from the present study show that immersion programs in the minority language, whether in the Basque Country or in Catalonia, produce more efficient L3 learners’ (lth.33-34) Tuigeann gach duine go bhfuil an scéal sin amuigh le fada gur fusa an tríú teanga a fhoghlaim nuair atá an dara teanga agat agus mar sin de. Só má táimid dáiríre faoi mháthairtheanga + 2, ba cheart dúinn bheith ag deimhniú go bhfuil páistí na hÉireann déliteartha agus dátheangach ag an aois is óige, le cur ar a gcumas bheith ina “more efficient L3 learners”, mar a tharlaíonn i dtíortha eile.

Caitear anois is arís an “scud” seo i dtreo na Gaelscolaíochta maidir le caighdeán Béarla daltaí Gaelscoile. Agus ní léifidh mé cuid de na rudaí atá ráite ag an Aire, mar ní bheadh sé fearáilte ach léifidh mé an ceann seo daoibh, chun a bheith cothrom: ‘Why shouldn’t the nine or ten year olds in the Gaelscoil be able to read Harry Potter in the same way as the child down the road is?’ (Mary Hanafin, Today FM, ‘The Last Word’, 2 Lúnasa 2007:3.27-3.34).

Bhí mise istigh i bpluais i Ruán i gContae an Chláir ag déanamh mo thráchtas ag an am sin, agus tháinig sé seo tríd an aer chugam ar an raidió, agus bhí mé fíor-bhuíoch di mar spreagadh mé arís chun dul i mbun oibre agus b'fhéidir céad leathanach breise a chur leis an tráchtas. Gabh mo leithscéal do m'fheitheoir faoi sin.

Data currently being analysed by my research team suggests similar benefits from Irish for reading generally. Studies from other countries support the idea that literacy emerges through immersion without disadvantaging the majority language. Some of these effects may be due to orthography. Perhaps, learning a shallow orthography encourages the relationship between writing and sound, facilitating reading generally... At the very least, it would appear that the concerns over the effect on English literacy are unsubstantiated (2005: 3).

Basically every other group, in every other country in which immersion education is being practiced, are saying “that the concerns over the effect on English literacy are unsubstantiated.”

Bournot-Trites says that ‘the loss of instructional time in English in favour of the second language has never’ - and researchers do not say it slowly – ‘never been shown to have negative effects on the achievement of the first language.’ “The loss of instructional time in English in favour of the second language has never been shown to have negative effects on the achievement of the first language.”

Whilst describing this, Cummins says:

in some socio-linguistic contexts, transfer across languages not only compensates for the reduction of instruction in the majority language but also enhances aspects of students command of the majority language possibly as a result of the development of greater metalinguistic awareness (2005: 5).

Cummins says, not only do you not suffer, but maybe you benefit from it. Maybe there are advantages to gain from it.

It appears, as we look at research from the Basque Country and from Catalonia that there are extra benefits to be gained from the immersion education system and for children who have dual literacy in those countries in the acquisition of the third language.

Sanz (2000) says ‘results from the present study show that immersion programs in the minority language, whether in the Basque Country or in Catalonia, produce more efficient L3 learners’ (p.33-34). Everybody understands that it is long known that it is easier to learn the third language when you have the second language and so forth. So if we are serious about mother tongue +2, we should be affirming that the children of Ireland have dual literacy and are bilingual at the earliest age, to enable them to be “more efficient L3 learners”, as it happens in other countries.

Every now and then, this “scud” is sent towards Irish language education as regards the standard of English of *Gaelscoil* students. And I will not read some of the things that the Minister has said, because that would not be fair, but I will read this one for you, to be fair: ‘Why shouldn’t the nine or ten year olds in the Gaelscoil be able to read Harry Potter in the same way as the child down the road is?’ (Mary Hanafin, Today FM, ‘The Last Word’, 2 Lúnasa 2007:3.27-3.34).

I was in a cave in Ruan in County Clare doing my thesis at that time, and this came towards me through the air on the radio, and I was very appreciative of her because I was inspired again to start working and to add maybe another one hundred pages to the thesis. I apologise to my supervisor about that.

Ach cén taighde atá againn? Bhuel tá taighde againn a léiríonn..., a rinne an Roinn Oideachais iad féin, i 1988, agus a rinne comparáid idir daltaí Gaelscoile, a foilsíodh i 1991, 'Report on the National Survey of English Reading in Primary Schools 1988', foilsithe i 1991, a deir go raibh na caighdeáin ghnóthachtála sa léitheoireacht Bhéarla ag daltaí Gaelscoile ní b'airde:

The results of the 1988 survey demonstrate that children in fifth class in Scoileanna Lán-Ghaeilge ...

- notice that it is lán-Ghaeilge, and always has been, and not 'Páirt-Ghaeilge' or Leath-Ghaeilge',

... Lán-Ghaeilge were significantly better on the D88 test than their counterparts in ordinary schools. The reasons why pupils who are taught through the medium of Irish perform better on a test of English Reading than pupils who are taught through English is not readily apparent (An Roinn Oideachais, 1991: 26).

Agus lorgaíonn siad taighde breise. Bhuel tá beagnach fiche bliain imithe agus níor tharla an taighde sin go fóill, go dtí le déanaí.

Bhí roinnt taighde eile déanta ag Harris agus Murtagh a rinne comparáid idir Drumcondra Verbal Reading Test agus daltaí Gaeltachta agus Gaelscoile: 'The mean standard score (DVRT) for all sixth class pupils in Gaeltacht schools was 105. The corresponding scores for ordinary schools and in scoileanna lán-Ghaeilge were 109 and 115 respectively.' (Department of Education, 1991: 28).

Is léir ón mbeagán taighde seo go raibh ag éirí níos fearr le daltaí Gaelscoile i scrúduithe léitheoireachta Béarla agus i scileanna smaointeoireachta Béarla fiche bliain ó shin. An amhlaidh atá anois?

Cloisimid go leor faoin Roinn Oideachais, faoi scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus daltaí ag freastal ar ghaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste. Bhí baint agamsa le bunú scoileanna i gceantar faoi mhíbhuntáiste agus tá a fhios agam go maith nach iad an Roinn Oideachais an cara is mó a bhí againn a riamh agus na scoileanna sin á mbunú againn agus ag tabhairt rogha do thuismitheoirí as ceantar faoi mhíbhuntáiste blaiseadh a fháil ar an nGaelscolaíocht:

Several research studies have shown that the achievement of pupils in schools designated as disadvantaged is significantly below those of pupils in other schools. Weir, Milis and Ryan (2002) found that the average attainment of sixth class pupils in reading and mathematics was significantly lower than that of ordinary pupils nationally (An Roinn Oideachais, 2005: 14).

